# Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta

## An Bealach a Réiteach

### Ábhair Thacaíochta

Oide

# Cad é mar a tháinig tú anseo?

Grúpa iomlán | 8-10 nóiméad | Ina suí i gciorcal

**Cur síos**

Is réamhghníomhaíocht scéalaíochta í seo.

**Modh**

- Suíonn na rannpháirtithe i gciorcal, ag éisteacht leis an éascaitheoir.
- Cumann an t-éascaitheoir scéal faoin dóigh a dtáinig siad chuig an ionad ina bhfuil siad.
- Is féidir le scéal an éascaitheora a bheith chomh cruthaitheach nó chomh nádúraíoch agus is féidir, agus neart mionsonraí ann.
- Anois glacann na rannpháirtithe sealanna le hinsint dá chéile faoin dóigh a dtáinig siad féin chuig an ionad.

**Éagsúlacht**

- Participants may share their stories around the circle, work in pairs to share stories or walk the space and share stories when they meet another participant.

**Síneadh**

- Ag obair i ngrúpaí beaga, tá 10-15 nóiméad ag na rannpháirtithe chun radharc gairid a ullmhú bunaithe ar cheann de na scéalta. Déanann rannpháirtí amháin an scéal a aithris fad is go gcuireann na rannpháirtithe eile sa ghrúpa an scéal i láthair.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**



CC BY NC

# Nótaí


CC BY NC

# Uillinn le hUillinn

Grúpa iomlán | 10 nóiméad | Spás oscailte

## Cur síos

Is réamhghníomhaíocht ghníomhach í seo.

## Modh

- Tugann an t-éascaitheoir treoracha do na rannpháirtithe siúl thart sa spás ar luas measartha, ag déanamh cinnte de nach mbuaileann siad isteach in éadan aon rannpháirt eile nó rud sa seomra.
- Scairteann an t-éascaitheoir ‘uillinn’.
- Ar chluinstin dóibh, nascann na rannpháirtithe le chéile uillinn le huillinn i mbeirteanna, i dtriúir srl
- Scairteann an t-éascaitheoir ‘gabh’ agus bogann na rannpháirtithe arís go dtí go scairteann an t-éascaitheoir ball coirp eile.
- Leantar den phróiseas seo le baill éagsúla den chorp: lámh, glúin, ordóg, méar choise, cos, gualainn, caol na láimhe, rúitín srl.

## Síneadh

- Is féidir an réamhghníomhaíocht seo a cheangal leis an ngníomhaíocht, ‘Scataí’, chun grúpa de rannpháirtithe a chruthú do ghníomhaíochtaí leantacha.

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh

# Nótaí


CC BY NC

# Scátaí

Grúpa iomlán | 2-3 nóiméad | Spás oscailte

**Cur síos**

Is gníomhaíocht í seo chun cuidiú le grúpaí a dhéanamh don obair chomhoibríoch atá le teacht.

**Modh**

- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe bogadh thart sa spás.
- Scairteann an t-éascaitheoir uimhir, m.sh. 3.
- Caithfidh na rannpháirtithe grúpaí de líon áirithe a chruthú ag brath ar an uimhir a scairtear. Scairteann an t-éascaitheoir uimhir eile, agus leantar den phróiseas roinnt uaireanta.
- Críochnaíonn an t-éascaitheoir leis an uimhir a thugann an líon rannpháirtithe ba mhaith leo i ngach grúpa.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**

# Nótaí

# Cuir do.... chun tosaigh

Grúpa iomlán | 10 nóiméad | Spás oscailte

### Cur síos

Is réamhghníomhaíocht í seo a chuidíonn chun carachtair a chruthú.

### Modh

- Siúlann na rannpháirtithe thart sa spás. Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe éirí feasach ar a siúl féin, iompar coirp, gluaiseacht san áireamh srl.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe smaoineamh má tá aon chuid den chorp ag stiúradh a siúlta, agus má tá, é sin a athrú go mbeidh an siúl neodrach.
- Leanann na rannpháirtithe den siúl neodrach sa spás.
- Scairteann an t-éascaitheoir ball den chorp amach (srón, smig, uillinn, ucht, clár éadain, ceann, bolg srl.) agus iarrann sé ar na rannpháirtithe a siúl a athrú go mbeidh sé faoi stiúir ag an mball sin den chorp. B'fhéidir gur mhaith leo samhlú gur puipéad iad agus go bhfuil an sreang ceangailte den bhall sin den chorp. Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe smaoineamh ar charachtar a bheadh ag teacht lena siúl m.sh. páiste óg, comharsa fhiosrach srl. Ina dhiaidh sin, scairtfidh an t-éascaitheoir baill eile den chorp agus leanfaidh na rannpháirtithe an próiseas an athuair.

### Síneadh

- Roghnaíonn na rannpháirtithe carachtar amháin a bhí mar thoradh ar a siúl. Spreagann an t-éascaitheoir na rannpháirtithe chun carachtar a chruthú de réir mar a shiúlann siad trí cheisteanna a chur amhail. "cá bhfuil tú i do chónaí?", "an bhfuil clann agat?", "cad é an post atá agat?", srl. Freagraíonn na rannpháirtithe go tostach iontu féin. Anois iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe beannú dá chéile i gcarachtar de réir mar a shiúlann siad thar a chéile.

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh



CC BY NC

# Nótaí


CC BY NC

# Binse Páirce

Beirteanna 10 nóiméad Cathaoireacha

Trealamh atá de dhíth

## Cur síos

Cuideoidh an ghníomhaíocht tobsmaointeoireachta seo leis na rannpháirtithe chun smaoineamh ar an toirt agus freagairt go nádúrtha.

## Modh

- Cuir trí chathaoir taobh le taobh mar a bheadh binse ann.
- Suíonn rannpháirtí amháin ar an mbinse agus iad ag dul do ghníomh m.sh. ag ól caife, ag léamh leabhair, srl.
- Tagann an dara rannpháirtí isteach sa radharc go suíonn siad ar an mbinse.
- Déanann an dara rannpháirtí iarracht an chéad rannpháirtí a ruaigeadh ón mbinse, gan aon lámh láidir a úsáid.
- Freagraíonn na rannpháirtithe ar an mbinse dá chéile, gan aon bhlocáil d'aon turas. Má tharlaíonn blocáil, caithfidh na rannpháirtithe stopadh agus an radharc a thosú as an nua.
- Déan arís agus arís eile go dtí go n-imíonn an chéad rannpháirtí.

## Síneadh

- Is féidir cúinsí áirithe a thabhairt do na rannpháirtithe ar an mbinse maidir lena gcarachtair m.sh. cé, cá huair, cá háit, cén fáth m.sh. is gníomhaire árachais thú, tá tú ar sos lóin, ag pleanáil do chruinniú srl. Is féidir cúinsí a chomhroinnt leis an ngrúpa iomlán roimh an ngníomhaíocht nó gan iad a chomhroinnt agus b'fhéidir gur mhaith leis an ngrúpa buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cé hé/hí na haisteoirí.

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh


CC BY NC

# Nótaí



cc BY NC

# Gníomhaíocht suaimhnis i do shuí

Grúpa iomlán | 10 nóiméad | Ina suí i gciorcal

## Cur Síos

Is ullmhúchán don léiriú atá sa ghníomhaíocht seo trí theannas sa chorp agus san aghaidh a scaoileadh.

## Modh

- Suíonn rannpháirtithe ar cathaoir agus iad cromtha.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe an lámh dheas a ardú agus iad go fóill cromtha.
- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe an lámh a bhogadh go séimh (bog thart, déan ciorcal, teann, lig uait, scaoil srl.), ag smaoineamh faoi aon mhothú de theannas sa lámh nó sna méara.
- Fiosraíonn na t-éascaitheoir, “Cá bhfuil an teannas?”
- Iarrann an t-éascaitheoir ar na rannpháirtithe an teannas a scaoileadh trí iarraidh orthu féin an teannas a ligean uathu.
- Bogann an t-éascaitheoir trí bhaill eile den aghaidh/den chorp ag caitheamh ama ar gach géag, gualainn, muineál, liopaí, srl.
- Mar ullmhúchán don léiriú: Díreoidh an t-éascaitheoir aird ar an aghaidh agus muineál/scornach: muineál, pluca, liopaí, uisinní, clár éadain, caipín súile, smig, srón, teanga srl. ag fiafraí gach uair “cá bhfuil an teannas?”

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh



CC BY NC

# Nótaí


CC BY NC

# An Bealach a Réiteach: Amharclannaíocht Fíoragallamh

Grúpa Iomlán | 20 nóiméad | Ag obair i mbeirteanna

### Ábhair atá de dhíth

- Cártaí Leide
- Peann agus Páipéar

### Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo fiosraítear an dóigh a dtiontaítear fíorghuthanna agus taithí saoil go taibhithe.

### Modh

- I mbeirteanna, cuireann na rannpháirtithe agallamh ar a chéile maidir le leid shoiléir shimplí ó réimse de chártaí leide.
- Freagraíonn an chéad rannpháirtí don leid, ag labhairt ar feadh nóiméid nó mar sin.
- Éisteann an dara rannpháirtí go géar agus glacann siad nótaí maidir leis an scéal, comharthaíocht choirp, línte nó frásaí a chuaigh i bhfeidhm orthu.
- Roghnaíonn an dara rannpháirtí cúpla frása nó abairt atá suntasach a dúirt a bpáirtí focal ar fhocal (gan aon eagarthóireacht – coinnigh gach “um”, stad srl).
- Anois déanann an dara rannpháirtí aithris ar chuid d’fhocail a bpáirtí ach iad a rá focal ar fhocal.
- Déanann an dara rannpháirtí léiriú agus roghnaíonn siad iontonú, stad, rithim, gothaí, nó fisiciúlacht chun aird a dhíriú ar an dóigh a múnlaíonn léiriú ciall.
- Déanann na rannpháirtithe na róil a mhalartú agus leantar den phróiseas arís agus leid eile in úsáid.

### Athmhachnamh/Plé

- Cad é mar a mhothaigh tú ar chluinstin d’fhocal féin ar ais duit?
- Cad a tharlaíonn don fhírinne nuair a úsáidtear fíorfhocail i dtaibhiú?
- Cén dóigh a bhfuil Amharclannaíocht Fíoragallamh cruthaitheach (léirmhíniú, stáitsiú) agus criticiúil (ag dul i ngleic le fíroghuthanna, le comhthéacsanna, le heitic) araon?

### Síneadh

- Cuir míreanna d’óráid chlúiteach ar ardán (agallaimh polaitíochta, nuachta, srl.).

### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh


CC BY NC

# Cártaí Leide
# Amharclannaíocht Fíoragallamh

**Leid**

Inis dom faoin scannán is fearr leat.

**Leid**

Inis dom faoi d'eispéireas is fearr amharclainne.

**Leid**

Cad é an chomhairle ab fhearr a cuireadh ort riamh?

**Leid**

Inis dom faoi laethanta saoire speisialta a bhí agat.

**Leid**

Inis dom faoin leabhar ba spreagúla dar léigh tú riamh.


CC BY NC

## Nótaí

# An Bealach a Réiteach: Neamhnádúrachas

Grúpa iomlán | 20 nóiméad | Ag obair i mbeirteanna nó i dtriúir

## Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo, fiosraítear an dóigh a n-úsáidtear stíliú, siombalachas agus claochlú san amharclannaíocht neamhnádúraíoch in ionad réalachais.

**Ábhair atá de dhíth**

Cártaí Leide

## Modh

- I mbeirteanna nó i dtriúir, roghnaíonn na rannpháirtithe cárta cáis.
- Cum radharc gairid (30 – 60 soicind) nádúrtha, gnáthshaoil atá
- bunaithe ar an gcárta.
- Roghnaíonn na rannpháirtithe cárta leide neamhnádúraíoch.
- Cumann na rannpháirtithe an radharc ar an toirt arís agus an stíl neamhnádúraíoch i bhfeidhm.
- Léiríonn gach grúpa an dá leagan.
- Amharcann na rannpháirtithe ar na taibhithe.

## Reflection/Discussion

- Cad é atá difriúil?
- Cad é a mhothaíonn tógtha?
- Cad iad na smaointe nó na mothúcháin a thagann chun cinn níos soiléire sa stíl neamhnádúraíoch?

## Síneadh

- Tabhair isteach gnéithe neamhnádúraíocha eile le cártaí leide.

**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**



CC BY NC

# Cártaí Cáis Neamhnádúrachas

**Cás**

Ag fanacht le bus

**Cás**

Ag ordú caife

**Cás**

Ag déanamh réidh don scoil

**Cás**

Ag bualadh le do chomharsa taobh amuigh de do theach

**Cás**

Ag an scipéad sa siopa grósaera


CC BY NC

# Cártaí Leide Neamhnádúrachas

**Leid**

Déan gach bogadh 10 n-oiread níos mó

**Leid**

Déan léiriú ag gluaiseacht go han-mhall

**Leid**

Déan léiriú 10 n-oiread níos gasta

**Leid**

Labhraíonn gach carachtar d'aon ghuth NÓ mar mhacalla

**Leid**

Cuir prapa leis: bíonn na prapa sa láimh ag na carachtair mar a bheadh 'práta te' ann



CC BY NC

# Nótaí


CC BY NC

# An Bealach a Réiteach: Greanntraigéide

Grúpa iomlán | 20 nóiméad | Ag obair i ngrúpaí beaga

### Cur síos

Sa ghníomhaíocht seo, fiosraítear an idirghníomhaíocht agus an chothromaíocht idir tragóid agus cóiméid

### Modh

- Iarrann an t-éascaitheoir ar gach grúpa beag radharc gairid dar teideal "An Bronntanas" a chumadh ar an toirt.
- Sa radharc seo, tá carachtar amháin ar tí bronntanas a fháil. Caithfidh mothú coiméide agus traigéide araon a bheith ag an radharc ón tús.
- Ullmhaíonn na rannpháirtithe a radharc gairid.
- Cuireann gach grúpa a radharc gairid i láthair agus glacann na rannpháirtithe eile nótaí, de réir mar a amharcann siad air, d'áit ar bith a raibh an chothromaíocht idir an tragóid agus an choiméide le sonrú sa radharc.

### Athmhachnamh/Plé

- Cá dtagann an choiméide agus an tragóid trasna ar a chéile sa radharc?
- Nuair a mheasctar an dá thon, cén tionchar a imrítear ar d'eispéireas den radharc?
- Cad é mar a imríonn an seánra greanntraigéide tionchar ar an lucht féachana i gcomparáid le coiméide nó tragóid?

### Síneadh


- Tabhair isteach aon rud nó aon fhuaim amháin le bheith mar chasadh coiméide/tragóide.
- Fiosraigh malartú ról i lár radhairc i.e. athraíonn carachtar tragóide ina charachtar coiméide, agus a mhalairt.
- Bain úsáid as diancheistiú nó rianú smaointe chun an tiomantas agus an chodarsnacht mhothúcháin atá ag carachtar a fhiosrú.


### Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh



CC BY NC


## Nótaí

# Stáitsí Amharclainne














CC BY NC

# Stáitsí Amharclainne











CC BY NC

# Stáitsí Amharclainne





**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**

# Amfaitéatar




## Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh






CC BY NC


# Forstua




## Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh



# Éirim




**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**





cc BY NC

# Os Comhair An tSlua




## Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh


Stáitse

Lucht Féachana

# Stáitse Trasnaithe




## Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh






CC BY NC

# Promanáid




## Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh


Follow the Action



# Stáitse Amharclainne



**Mo Nótaí/Mo Mhachnaimh**






cc BY NC

# Nótaí



CC BY NC

## Nótaí



cc BY NC

## Nótaí



CC BY NC

# Nótaí



CC BY NC